



An Bhruiséil, 24 Iúil 2026
(OR. en)

12186/26
ADD 1

DRS 28
ECOFIN 1050
EF 216

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	17 Iúil 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2026) 117053 iarscríbhinn
Ábhar:	IARSCRÍBHINN Aistriú go hAirgeadra Tuairiscithe Hipearbhoilscitheach Leasuithe ar IAS 21

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 117053 iarscríbhinn.

Faoi iamh: D(2026) 117053 iarscríbhinn

GA

D117053/1

IARSCRÍBHINN

Aistriú go hAirgeadra Tuairiscithe Hipearbhoilscitheach
Leasuithe ar IAS 21

Leasuithe ar IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*

Leasaítear míreanna 39, 42, 44, 47 agus 55. Cuirtear isteach míreanna 41A–41B, 47A, 53A–53B, 54A agus 60O–60P.

Airgeadra tuairiscithe seachas an t-airgeadra feidhmiúil a úsáid

Aistriú go dtí an t-airgeadra tuairiscithe

- ...
- 39 I gcás ina bhfuil airgeadra feidhmiúil eintitis éagsúil ó airgeadra tuairiscithe an eintitis chéanna sin, agus nuair is airgeadraí de chuid geilleagar neamh-hipearbhoilscitheach iad, aistrefar torthaí agus staid airgeadais an eintitis go dtí an t-airgeadra tuairiscithe trí na nósanna imeachta seo a leanas a úsáid:
- (a) sócmhainní agus dliteanais le haghaidh gach ráiteas staide airgeadais a chuirtear i láthair (i.e. lena n-áirítear ráitis chomparáideacha), déanfar iad a aistriú ag an ráta reatha amhail ar dháta an ráitis staide airgeadais sin;
 - (b) ioncam agus speansais le haghaidh gach ráitis ina gcuirtear brabús nó cailteanas agus ioncam cuimsitheach eile i láthair (i.e. lena n-áirítear ráitis chomparáideacha), déanfar iad a aistriú ag rátaí malairte amhail ar dhátaí na n-idirbheart; agus
 - (c) aithneofar na difríochtaí ráta malairte uile dá thoradh sin in ioncam cuimsitheach eile.
- ...
- 41A I gcás inarb ionann airgeadra feidhmiúil eintitis agus airgeadra geilleagair neamh-hipearbhoilscithigh ach inarb ionann a airgeadra tuairiscithe agus airgeadra geilleagair hipearbhoilscithigh, aistrefar torthaí agus staid airgeadais an eintitis go dtí an t-airgeadra tuairiscithe trí na méideanna uile (i.e. sócmhainní, dliteanais, míreanna cothromais, ioncam agus speansais, lena n-áirítear méideanna comparáideacha) a aistriú ag an ráta reatha ar dháta an ráitis staide airgeadais is déanaí.
- 41B I gcás ina scoireann an geilleagar arb é airgeadra tuairiscithe an eintitis a airgeadra de bheith hipearbhoilscitheach agus i gcás ina leanann airgeadra feidhmiúil an eintitis de bheith ina airgeadra de gheilleagar neamh-hipearbhoilscitheach, ní chuirfidh an t-eintiteas mír 41A i bhfeidhm a thuilleadh agus cuirfidh sé mír 39 i bhfeidhm ina ionad sin. Déanfaidh an t-eintiteas amhlaidh go hionchasach ó thús na tréimhse tuairiscithe ina scoireann an geilleagar de bheith hipearbhoilscitheach, i.e. ní dhéanfaidh an t-eintiteas méideanna a tháinig chun cinn roimh thús na tréimhse tuairiscithe a ath-aistriú.
- 42 Nuair atá airgeadra feidhmiúil eintitis éagsúil ó airgeadra tuairiscithe an eintitis chéanna sin agus nuair is ionann airgeadra feidhmiúil an eintitis agus airgeadra geilleagair hipearbhoilscithigh, aistrefar torthaí agus staid airgeadais an eintitis go dtí an t-airgeadra tuairiscithe trí na nósanna imeachta seo a leanas a úsáid:
- (a) déanfar na méideanna uile (i.e. sócmhainní, dliteanais, míreanna cothromais, ioncam agus speansais, lena n-áirítear méideanna comparáideacha) a aistriú ag an ráta reatha amhail ar dháta an ráitis staide airgeadais is déanaí, ach amháin
 - (b) i gcás ina aistrítear méideanna go dtí airgeadra geilleagair neamh-hipearbhoilscithigh, is éard a bheidh sna méideanna comparáideacha na méideanna sin a cuireadh i láthair mar mhéideanna ón mbliain reatha sna ráitis airgeadais ábhartha ón mbliain roimhe (i.e. gan iad a choigeartú le haghaidh athruithe ina dhiaidh sin ar leibhéal praghais ná le haghaidh athruithe ina dhiaidh sin ar rátaí malairte).
- ...

Oibríocht eachtrach a aistriú

- 44 Tá feidhm ag míreanna 45–47A, i dteannta míreanna 38–43, i gcás ina n-aistrítear torthaí agus staid airgeadais oibríochta eachtraí go dtí airgeadra tuairiscithe ionas go bhféadtar an oibríocht eachtrach a chur san áireamh i ráitis airgeadais an eintitis tuairiscithe trí chomhdhlúthú nó trí mhodh an chothromais.

- ...
- 47 Aon cháilmheas a eascraíonn as oibríocht eachtrach a éadail agus aon choigeartú luacha chóir ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas a eascraíonn as éadail na hoibríochta eachtraí sin, caithfear leo mar shócmhainní agus dliteanas na hoibríochta eachtraí. Dá réir sin, sloinnfear iad in airgeadra feidhmiúil na hoibríochta eachtraí agus déanfar iad a aistriú ag an ráta reatha i gcomhréir le míreanna 39, 41A agus 42.
- 47A I gcás inarb airgeadra de gheilleagar hipearbhoilscitheach é airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe eintitis (nó inarb iad airgeadraí geilleagar hipearbhoilscitheach éagsúil iad) agus ina n-aistríonn an t-eintiteas torthaí agus staid airgeadais oibríochta eachtraí arb é airgeadra geilleagair neamh-hipearbhoilscithigh a hairgeadra feidhmiúil, ní chuirfidh an t-eintiteas mír 41A i bhfeidhm maidir le méideanna comparáideacha na hoibríochta eachtraí sin. Ina ionad sin, athshonróidh an t-eintiteas méideanna comparáideacha na hoibríochta eachtraí sin a áiríodh i ráitis airgeadais an eintitis a eisíodh roimhe sin tríd an innéacs praghsanna ginearálta a chuireann sé i bhfeidhm maidir le figiúirí comhfhreagracha le haghaidh na tréimhse tuairiscithe roimhe sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 34 de IAS 29.
- ...

Nochtadh

- ...
- 53A I gcás ina gcuireann eintiteas mír 41A i bhfeidhm chun a thorthaí agus a staid airgeadais nó torthaí agus staid airgeadais oibríochta eachtraí a aistriú, nochtfaidh an t-eintiteas gur aistríodh na méideanna uile (i.e. sócmhainní, dliteanas, míreanna cothromais, ioncam agus speansais agus, mura gcuireann sé mír 47A i bhfeidhm, méideanna comparáideacha) ina ráitis airgeadais, nó torthaí agus staid airgeadais a oibríochtaí eachtracha, ag an ráta reatha ar dháta an ráitis staide airgeadais is déanaí.
- 53B I gcás inarb airgeadra geilleagair hipearbhoilscithigh é airgeadra feidhmiúil eintitis, agus i gcás ina gcuireann an t-eintiteas míreanna 41A agus 47A i bhfeidhm chun torthaí agus staid airgeadais a oibríochtaí eachtracha a aistriú, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis airgeadais achoimrithe maidir lena oibríochtaí eachtracha lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais measúnú a dhéanamh ar éifeacht na n-oibríochtaí eachtracha sin ar thorthaí agus ar staid airgeadais an eintitis. Déanfaidh an t-eintiteas an fhaisnéis airgeadais achoimrithe chomparáideach faoina oibríochtaí eachtracha a lipéadú chun a shainaithint gur ullmhaigh an t-eintiteas an fhaisnéis tríd an innéacs praghsanna ginearálta a chuireann sé i bhfeidhm maidir le figiúirí comhfhreagracha le haghaidh na tréimhse tuairiscithe roimhe sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 34 de IAS 29.
- ...
- 54A I gcás ina gcuireann eintiteas mír 41B i bhfeidhm, nochtfaidh an t-eintiteas gur scoir a airgeadra tuairiscithe de bheith ina airgeadra de gheilleagar hipearbhoilscitheach.
- 55 I gcás ina gcuireann eintiteas a ráitis airgeadais i láthair in airgeadra atá difriúil óna airgeadra feidhmiúil, ní thabharfaidh sé tuairisc ar na ráitis airgeadais mar ráitis a chomhlíonann IFRSanna ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais uile na IFRSanna, lena n-áirítear an modh aistriúcháin a leagtar amach i míreanna 39, 41A, 42 agus 47A.
- ...

Dáta éifeachtach agus aistriú

- ...
- 60O Le *hAistriú go hAirgeadra Tuairiscithe Hipearbhoilscitheach*, a eisíodh i mí na Samhna 2025, cuireadh míreanna 41A-41B, 47A, 53A-53B, 54A agus 60P isteach agus leasaíodh míreanna 39, 42, 44, 47 agus 55. Cuirfidh an t-eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm le haghaidh na dtréimhsí bliantúla tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Ceadáítear cur i bhfeidhm níos luaithe na leasuithe. Má chuireann eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe, nochtfaidh sé an méid sin.
- 60P I gcur i bhfeidhm *Aistriú go hAirgeadra Tuairiscithe Hipearbhoilscitheach*:
- (a) maidir le heintiteas arb é airgeadra geilleagair hipearbhoilscithigh a airgeadra feidhmiúil agus a airgeadra tuairiscithe (nó arb iad airgeadraí geilleagar hipearbhoilscitheach éagsúil iad) agus a

aistríonn torthaí agus staid airgeadais oibríochtaí eachtracha arb é airgeadra geilleagair neamh-hipearbhoilscithigh a airgeadra feidhmiúil, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (i) na leasuithe a chur i bhfeidhm ó thús na tréimhse tuairiscithe bliantúla ina gcuireann sé na leasuithe i bhfeidhm den chéad uair;
 - (ii) méideanna comparáideacha a oibríochtaí eachtracha a áiríodh i ráitis airgeadais an eintitis a eisíodh roimhe sin a athshonrú tríd an innéacs praghsanna ginearálta a chuireann sé i bhfeidhm maidir le figiúirí comhfhreagracha a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 34 de IAS 29; agus
 - (iii) faisnéis airgeadais achoimrithe chomparáideach a nochtadh faoina oibríochtaí eachtracha agus lipéadóidh sé faisnéis den sórt sin chun a shainaithint gur ullmhaigh an t-eintiteas an fhaisnéis trí phointe (ii) a chur i bhfeidhm.
- (b) seachas mar a shonraítear i bpointe (a), cuirfidh eintiteas na leasuithe i bhfeidhm go cúlghabhálach i gcomhréir le IAS 8; agus
- (c) ní gá d'eintiteas an fhaisnéis a cheanglófaí murach sin le mír 28(f) de IAS 8 a nochtadh. Ar an gcaoi chéanna, ní cheanglaítear ar eintiteas a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm an fhaisnéis a cheanglófaí murach sin le mír 178(f) de IFRS 19 a nochtadh.

Leasuithe ar Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS eile

IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí*

Cuirtear míreanna 219A-219B, 220A agus A4A isteach.

Ceanglais maidir le nochtheadh

...

IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*

...

219A I gcás ina gcuireann eintiteas mír 41A de IAS 21 i bhfeidhm chun a thorthaí agus a staid airgeadais nó torthaí agus staid airgeadais oibríochta eachtraí a aistriú, nochtfaidh an t-eintiteas gur aistríodh na méideanna uile (i.e. sócmhainní, dliteanais, míreanna cothromais, ioncam agus speansais agus, mura gcuireann sé mír 47A de IAS 21 i bhfeidhm, méideanna comparáideacha) ina ráitis airgeadais, nó torthaí agus staid airgeadais a oibríochtaí eachtracha, ag an ráta reatha ar dháta an ráitis staide airgeadais is déanaí.

219B I gcás inarb airgeadra geilleagair hipearbhoilscithigh é airgeadra feidhmiúil eintitis, agus i gcás ina gcuireann an t-eintiteas míreanna 41A agus 47A de IAS 21 i bhfeidhm chun torthaí agus staid airgeadais a oibríochtaí eachtracha a aistriú, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis airgeadais achoimrithe faoina oibríochtaí eachtracha. Déanfaidh an t-eintiteas an fhaisnéis airgeadais achoimrithe chomparáideach faoina oibríochtaí eachtracha a lipéadú chun a shainaithint gur ullmhaigh an t-eintiteas an fhaisnéis tríd an innéacs praghsanna ginearálta a chuireann sé i bhfeidhm maidir le figiúirí comhfhreagracha le haghaidh na tréimhse tuairiscithe roimhe sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 34 de IAS 29.

...

220A I gcás ina gcuireann eintiteas mír 41B de IAS 21 i bhfeidhm, nochtfaidh an t-eintiteas gur scoir a airgeadra tuairiscithe de bheith ina airgeadra de gheilleagar hipearbhoilscitheach.

...

Foscúbhinn A—Dáta éifeachtach agus aistriú

...

Leasuithe ar IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*

...

- A4A Le hAistriú chuig Airgeadra Tuairiscithe Hipearbhoilscitheach, a eisíodh i mí na Samhna 2025, leasaíodh IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí* agus cuireadh míreanna 219A–219B agus 220A leis. Leagtar amach na ceanglais aistrithe le haghaidh mhíreanna 219A–219B agus 220A i mír 60P de IAS 21. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm i gcás ina gcuireann sé na leasuithe ar IAS 21 i bhfeidhm.

IAS 29 *Tuairisciú Airgeadais i nGeilleagair Hipearbhoilscitheacha*

Leasaítear míreanna 8 agus 34.

Athráiteas ar ráitis airgeadais

- ...
- 8 Ráitis airgeadais eintitis arb é a airgeadra feidhmiúil é an t-airgeadra i ngeilleagar hipearbhoilscitheach, bídis bunaithe ar chur chuige speansais stairiúil nó ar chur chuige speansais reatha, luafar iad i dtéarmaí an aonaid tomhais reatha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Déanfar na figiúirí comhfhreagracha le haghaidh na tréimhse roimhe sin a cheanglaítear le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus aon fhaisnéis i leith tréimhsí níos luaithe, a lua freisin i dtéarmaí an aonaid tomhais reatha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Chun méideanna comparáideacha a chur i láthair in airgeadra tuairiscithe éagsúil, tá feidhm ag míreanna 41A, 42(b), 43 agus 47A de IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*.

...

Figiúirí comhfhreagracha

- 34 Figiúirí comhfhreagracha le haghaidh na tréimhse tuairiscithe roimhe sin, bídis bunaithe ar chur chuige speansais stairiúil nó ar chur chuige speansais reatha, athshonraítear iad trí innéacs praghsanna ginearálta a chur i bhfeidhm ionas go gcuirtear na ráitis airgeadais chomparáideacha i láthair i dtéarmaí an aonaid tomhais reatha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Faisnéis a nochtar i leith tréimhsí níos luaithe ná sin, sloinntear í sin freisin i dtéarmaí an aonaid tomhais reatha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Chun méideanna comparáideacha a chur i láthair in airgeadra tuairiscithe éagsúil, tá feidhm ag míreanna 41A, 42(b), 43 agus 47A de IAS 21.
-